# 15 Maoiniú Deontais do Phictiúrlann Sainealaíne na Gaillimhe

**15.1** Sheol an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (an Roinn) an dara Scéim Tacaíochta um Fheabhsú Ealaíon agus Cultúir II (ACCESS II) in 2006. Bunaíodh an scéim chun maoiniú a chur ar fáil d'eagraíochtaí chun bonneagar cultúrtha nua a thógáil nó bonneagar a bhí ann cheana féin a athfhorbairt.

**15.2** Chuir cuideachta phríobháideach, Solas-Galway Picture Palace Teoranta (Solas), isteach ar mhaoiniú faoin scéim ACCESS II in 2006 leis an gcuspóir pictiúrlann sainealaíne speisialaithe a bhunú i gCathair na Gaillimhe.[1] Sa togra maoinithe inar tugadh cur síos ar an ilphictiúrlann a bhí beartaithe, bhí sé i gceist go mbeadh trí scáileán ina mbeadh 276 suíochán ar an iomlán, beár/bialann agus siopa leabhar. Bhí sé beartaithe go gcuirfí tús leis an tionscadal in earrach na bliana 2007 agus go mbeadh sé críochnaithe laistigh de dhá bhliain. In ainneoin gur soláthraíodh cúnamh airgeadais de €8.4 milliún ón státchiste, níl an phictiúrlann oscailte don phobal go fóill.

**15.3** Scrúdaítear sa tuarascáil seo

- riar agus bainistiú an tionscadail
- maoiniú agus íocaíochtaí ón Roinn agus ó chomhlachtaí poiblí eile a bhaineann leis an bpictiúrlann nua.

**15.4** Amlíne de phríomhimeachtaí an tionscadail mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn 15A.

## Cás gnó don tionscadal

**15.5** Rinne Solas an t-iarratas ar mhaoiniú i Samhain 2006. Ba riachtanas é faoin bpróiseas iarratais ar dheontas go ndéanfaí an t-iarratas ar bhealach forordaithe, le sreafaí airgid réamh-mheasta agus doiciméid tacaíochta eile a bheadh, nuair a chuirfí le chéile iad, ina gcás gnó do phictiúrlann sainealaíne a fhorbairt, agus don mhaoiniú deontais ón Stát a bhí beartaithe. Sa chás gnó bhí ráiteas maidir le cuspóir an tionscadail, suíomh an tionscadail, stádas dleathach an tionscnóra, foireann bainistíochta an tionscadail agus páirtithe eile a raibh baint acu leis an tionscadal. Ba é méid iomlán an deontais a lorgaíodh ón Roinn ná €4 milliún.

**15.6** Sa chás gnó dúradh gurbh é €4 milliún an costas réamh-mheasta iomlán chun an foirgneamh a dhearadh, a thógáil agus a fheistiú. Bhí an réamh-mheastachán sin bunaithe ar mheastachán réamh-thairisceana inar úsáideadh dearaí pleanáilte ag ailtirí, arna gcostáil ag suirbhéirí cainníochta a d'fhostaigh Solas. Thug siad meastachán go mbeadh €2 milliún eile ag teastáil chun an láithreán a cheannach, a d'fhág costas foriomlán don tionscadal de €6 milliún.

**15.7** Sa chás gnó freisin leagadh amach tograí maidir le conas a dhéanfaí an tionscadal a mhaoiniú. Thug sé sin le fios go raibh, anuas ar an deontas €4 milliún a bhí beartaithe ón Roinn, gealltanais mhaoiniúcháin ag Solas ó Chuibhreannas na Pictiúrlainne Cultúrtha[2] le haghaidh €750,000 agus €600,000 eile ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. De thoradh air sin, ba é an maoiniú iomlán réamh-mheasta ná €5.35 milliún. Thug an togra le fios go dtiocfadh an t-iarmhéid ó iarratas €400,000 ó bhanc tráchtála agus €250,000 ó fheachtas bailithe airgid príobháideach.

1 Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta le stádas carthanais é Solas. Is ionadaithe iad a chomhaltaí ó eagraíochtaí ealaíon agus scannán i gCathair na Gaillimhe (Cumann Scannán na Gaillimhe, Fleá Scannán na Gaillimhe agus Ionad Ealaíon na Gaillimhe). Chuaigh an chuideachta faoi leachtú ar an 3 Iúil 2017.

2 Ba chomhpháirtíocht straitéiseach é Cuibhreannas na Pictiúrlainne Cultúrtha idir Bord Scannán na hÉireann agus an Chomhairle Ealaíon. Rinneadh a chuid gníomhaíochtaí idir na blianta 2001 agus 2010. Ba é aidhm an chuibhreannais an raon pictiúrlann in Éirinn a fheabhsú agus a leathnú; a chinntiú go mbeadh teacht ag lucht féachana ar eispéireas cultúrtha ardcháilíochta maidir le scannáin an domhain, scannánaíocht dhúchasach agus scannáin chlasaiceacha; timpeallacht infheistíochta mhealltach a chothú do bhonneagar scannánaíochta sainealaíne.

**15.8** Sa chás gnó rinneadh meastachán de 64,100 iontráil sa phictiúrlann in aghaidh na bliana.[1] Bhí an réamh-mheastachán sin bunaithe ar fhigiúirí ó Dhaonáireamh 2006 do Chathair na Gaillimhe, ceantair thuaithe agus bailte satailíte laistigh dá limistéar agus ar thuarascáil —*Developing cultural cinema in Ireland* – arna foilsiú ag an gComhairle Ealaíon. Níl aon fhianaise go ndearnadh anailís íogaireachta ar eacnamaíocht an tionscadail maidir le rátaí freastail mar chuid den chás gnó.

**15.9** Níor shín na réamh-mheastacháin ar shreabhadh airgid ach go ceann cúig bliana. I mbliain a náid, bhíothas den tuairim go meaitseálfaí na costais chaipitil réamh-mheasta le maoiniú ó chomhlachtaí maoiniúcháin éagsúla agus ó chothromas príobháideach. Ceapadh go dtosódh ioncam trádála i mbliain a haon agus tuaradh go mbeadh sreafaí airgid dearfacha ann faoi bhliain a trí.

## Measúnú ar an iarratas ar dheontas

**15.10** Rinne coiste roghnóireachta neamhspleách ar a raibh ceathrar ball, ball foirne sinsearach ón Roinn, ionadaí ón gComhairle Ealaíon, ailtire ar scor ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus bainisteoir ar scor ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, measúnú ar na hiarratais faoin scéim ACCESS II. An coiste roghnóireachta a chinn an modheolaíocht mheasúnaithe agus na téarmaí tagartha.

**15.11** Rinneadh measúnú tosaigh ar iarratas Solas agus moladh go rachfaí ar aghaidh go measúnú deiridh. Sa mheasúnú deiridh sannadh marcanna sonracha sna catagóirí seo a leanas

- **tionchar áitiúil** — tionchar áiseanna eile comhchosúla leis sa cheantar ábhartha
- **airgeadas** — a bheith ábalta stádas féinmhaoinitheach a bhaint amach sa todhchaí
- **comhoiriúnacht straitéiseach** — bheith comhoiriúnach leis an Straitéis Spáis Náisiúnta, nó le cuspóirí eile beartas rialtais, lena n-áirítear straitéis na Comhairle Ealaíon, *Comhpháirtíocht ar son na nEalaíon*
- **riachtanas** — dul i ngleic le heasnamh soláthair, nó le riachtanas cruthanta, laistigh den cheantar ábhartha
- **dearadh** — cloí leis na caighdeáin is aird i ndearadh tógála.

**15.12** Tar éis don mheasúnú a thabhairt chun críche i Márta 2007, mhol an coiste roghnóireachta an tionscadal don Roinn, agus mhol leithdháileadh deontais €2.25 milliún. Ní dhearnadh aon mheasúnú áfach an raibh an maoiniú a lorgaíodh leordhóthanach do riachtanais an togra.

**15.13** Thug an Roinn tairiscint deontais de €2 milliún, ar ghlac Solas léi i mBealtaine 2007. Mar choinníoll den deontas, d'éiligh an Roinn go dtabharfaí cruthúnas doiciméadach isteach i leith chostais iomlána an tionscadail agus na cistí a bheith ar fáil chun na costais sin a íoc, sula dtabharfaí cead dul ar aghaidh go céim an chonartha.

**15.14** Anuas ar an deontas €2 milliún ón Roinn, rinne Cuibhreannas na Pictiúrlainne Cultúrtha agus Bord Scannán na hÉireann gealltanais €1.25 milliún agus €400,000 faoi seach. Fuair Solas iasacht €650,000 freisin ó Choimisiún Forbartha an Iarthair.[2] Faoin mbliain 2007, ba ionann is €6.3 milliún an infheistíocht phoiblí geallta nó réamh-mheasta sa phictiúrlann, lena n-áirítear ceannach an láithreáin ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

1 Glacadh leis go mbeadh freastal uasta sceidealta sheachtainiúil de 5,028 custaiméir do 51 seachtain in aghaidh na bliana, le húsáid (ticéid díolta) de 25%.

2 Bunaíodh Coimisiún Forbartha an Iarthair ar bhonn reachtúil i 1999 chun bonn gheilleagar an iarthair a fhorbairt (Dún na nGall, Liatroim, Sligeach, Maigh Eo, Ros Comáin, Gaillimh agus an Clár).

## An láithreán a fháil

**15.15** D'aithin Solas láithreán ar Bhóthar na gCeannaithe Íochtarach i lár na cathrach a bheadh oiriúnach do phictiúrlann a fhorbairt. Chuaigh an chuideachta i leith úinéir na réadmhaoine agus, tar éis idirbheartaíochta, dhíol sé an láithreán do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i mBealtaine 2008 ar €1.8 milliún. Bhí dleacht stampála €162,000 air, a chuir an costas suas go €1.96 milliún. Thoiligh an Chomhairle Cathrach é a chur ar fáil do Solas ar léas 99 bliain.

**15.16** Chuir Solas iarratas isteach ar chead pleanála agus fuair é ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le haghaidh ilphictiúrlann 360 suíochán in 2008. Ba mhéadú 30% é sin ar an acmhainn i gcoibhneas leis an togra bunaidh.

**15.17** D'ullmhaigh Solas plean gnó i Meán Fómhair 2008. Thug sé sin le fios go dtiocfadh méadú ar na costais tuartha ón €6 milliún go €7.7 milliún. Lorgaíodh tacaíocht airgeadais bhreise ón Roinn.

## An chéad chonradh tógála

**15.18** In 2009, i ndiaidh comórtas tairisceana, bhronn Solas an conradh ar an tairgeoir a thug an tairiscint ab ísle chun ilphictiúrlann a thógáil ar chostas €2.8 milliún. Chuaigh Solas isteach i mbanna conartha ráthaíochta le cuideachta árachais de 25% de shuim an chonartha (i.e. €696,000).

**15.19** Tosaíodh an obair thógála, suirbhéireacht láithreáin san áireamh, i mí Dheireadh Fómhair 2009. Tháinig an tionscadal ar dheacrachtaí suntasacha i gcaitheamh na 17 mí ina dhiaidh sin áfach, lena n-áirítear

- drochaimsir
- staid talún nach raibh coinne léi, amhail uisce ag teacht isteach le linn tochailte agus buncharraig eibhir
- éagobhsaíocht struchtúrach an fhoirgnimh lena hais
- gan go leor bainistíocht tionscadail maidir le srianta láithreáin dúshlánacha.[1]

**15.20** Choimisiúnaigh Solas dara suirbhéireacht talún, ní ba chuimsithí, a d'aithin dúshlánacha móra nár aithníodh sa chéad cheann. Faoi mhí an Mheithimh 2010, ba léir nach raibh an foirgneamh tadhlach leis sábháilte agus cuireadh stop láithreach leis an obair. I ndiaidh idirbheartaíochta, thoiligh Solas an foirgneamh tadhlach leis a leagan agus a atógáil i nDeireadh Fómhair 2010.

**15.21** Chuir an Roinn in iúl gur thuig sí go ndearnadh dhá shuirbhéireacht láithreáin thar ceann Solas roimh an chéad chomórtas tairisceana in 2009.

1 Leag ailtire, a d'fhostaigh an Roinn chun ionadaíocht a dhéanamh ar a leasa, amach na saincheisteanna i dtuarascáil i Meán Fómhair 2012.

## Foirceannadh an chonartha tógála

**15.22** I Márta 2011, fuair an Roinn fógra ó Solas ag cur in iúl go raibh an conradh á fhoirceannadh ag an gconraitheoir tógála ag lua

- drochstaid na talún
- easnaimh sa dearadh agus
- moilleanna de bharr oibreacha a bheith ar fionraí tar éis don tógálaí teacht ar an láithreán.

**15.23** Chuir Solas éileamh isteach faoin socrú banna in 2011. D'éirigh an banna sin ina dhíospóid dhlíthiúil idir an chuideachta árachais agus Solas. I Meitheamh 2017, tharraing Solas siar a éileamh sa Chúirt Achomhairc. In Iúil 2017, chuaigh Solas faoi leachtú.

## An dara conradh tógála

**15.24** Idir 2011 agus 2015, bhí a thuilleadh moille agus díomhaointis.

- Bhronn Solas an dara conradh tógála i Márta 2012 do na hoibreacha a bhí fágtha. Dúirt an Roinn go ndearnadh an méid sin i ngan fhios dóibhsean agus gan ceadú uathu. Fuair an Roinn comhairle dlí nach raibh aon dliteanas orthu aon chistí deontais eile a eisiúint don tionscadal.
- Faoin dara conradh, tháinig méadú ar costas beartaithe na tógála ón €2.8 milliún faoin gcéad chonradh go €4.1 milliún. Áirithe leis seo bhí leagan agus atógáil an fhoirgnimh thadhlaigh ar chostas €213,000.
- Comhaontaíodh an dara conradh mar chéim shingil d'obair thógála. Sular tosaíodh léi áfach, chomhaontaigh Solas leis an tógálaí an obair a dheighilt ina dá chéim. Thaispeáin anailís a rinne Solas ar bhuiséad an tionscadail in Aibreán 2012 go raibh easnamh breis is €1 milliún sa mhaoiniú tuartha. Dá dheasca sin, ní raibh an chuideachta in ann ach an chéim thosaigh den obair a mhaoiniú.

**15.25** Críochnaíodh an chéad chéim den obair go luath in 2014. Faoi Iúil 2016, ní raibh an obair tosaithe athuair agus aithníodh costais bhreise a bhain le hathruithe sa tsonraíocht, boilsciú agus athoscailt an láithreáin tar éis dó a bheith dúnta ar feadh breis is dhá bhliain. Ghlac infheisteoir príobháideach bainistíocht, críochnú agus oibriú an tionscadail ar láimh agus aistríodh cearta agus dliteanais uile Solas chuige. Cláraíodh an t-infheisteoir príobháideach mar úinéir dlíthiúil leasa léasa sa réadmhaoin i mí Feabhra 2017. Leasaíodh téarmaí an léasa bunaidh ó 99 bliain go 30 bliain.

**15.26** Meastar go mbeidh sé críochnaithe in Eanáir 2018.

## Rialachas corparáideach na cuideachta

**15.27** I gcaitheamh na tréimhse 2011 go 2014, thug cuntais iniúchta Solas le fios go raibh an chuideachta ag trádáil faoi chaillteanas agus thuairiscigh cuntais 2014 easnamh carntha de bhreis is €540,000.

**15.28** D'éirigh iniúchóirí Solas as i mí Dheireadh Fómhair 2016 de bharr amhras a bheith orthu maidir le rialachas corparáideach na cuideachta. Chuaigh Solas faoi leachtú i mí Iúil 2017.


**15.29** Tá sé ráite ag an Roinn nár fógraíodh dóibh ábhair amhrais na n-iniúchóirí. Dúirt an Roinn freisin nach raibh aon chaidreamh maoiniúcháin acu le Solas a thuilleadh toisc go raibh gach gné den tionscadal anois i lámha an infheisteora nua. Dúirt siad freisin nár tabhaíodh aon chaillteanas airgid phoiblí ná caillteanas ionchais de thoradh ar leachtú Solas.

**15.30** Bhí muirear ag an Roinn ar an réadmhaoin in ainm an Aire ó 2009. Chláraigh Coimisiún Forbartha an Iarthair agus Cuibhreannas na Pictiúrlainne Cultúrtha/Bord Scannán na hÉireann muirir in 2009 agus 2010 faoi seach i ndáil lena soláthar maoiniúcháin. Go déanach in 2016, leasaigh an Roinn a muirear go dtí an méid iomlán den deontas a íocadh cheana agus an méid a leithdháileadh ach a bhí fós le híoc.

## Gealltanais mhaoiniúcháin bhreise

**15.31** Tá méadú 2.1 milliún tagtha ar ghealltanais airgeadais iomlána ó chistí poiblí don tionscadal ó na céad leithdháilte maoiniúcháin de €6.3 milliún in 2007. Tá achoimre déanta i bhFíor 15.1 ar na gealltanais.

**Fíor 15.1 Gealltanais agus íocaíochtaí le Solas, 2007 go 2017**




Foinse: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Nótaí: Aistríodh dliteanas i leith na hiasachta €650,000 ó Choimisiún Forbartha an Iarthair go dtí an t-infheisteoir príobháideach in 2016.

b Níl sonraí ar fáil maidir leis na méideanna a d'íoc an t-infheisteoir príobháideach.

**15.32** In 2010, ghlac an Roinn ar láimh an chuid eile de ghealltanais Choimisiún Forbartha an Iarthair de €507,500 ag éirí as chomhdhlúthú maoiniúcháin caipitil laistigh den Roinn agus den Chomhairle Ealaíon. Leithdháil an Roinn ina dhiaidh sin maoiniú breise €990,000, arb é atá ann

- €735,000 in 2015, ar an gcoinníoll go nglacfadh Comhairle Cathrach na Gaillimhe freagracht as an tionscadal a bhainistiú go gcríochnófaí é
- €255,000 in 2016 chun íoc as costais bhreise tionscadail.

**15.33** Mhéadaigh Bord Scannán na hÉireann a thiomantas don tionscadal ó €400,000 go breis is €1 milliún, arb é atá ann

- gealladh €400,000 eile in 2013, agus i gcomaoin air sin thoiligh Solas €500,000 a bhailiú[1] agus €750,000 a fháil ó infheisteoir príobháideach [2]
- €263,000 de mhaoiniú breise in 2016 chun íoc as costais bhreise tionscadail.

**15.34** Gheall Comhairle Cathrach na Gaillimhe maoiniú tiomanta €442,000 don tréimhse 2013 go 2016.

**15.35** Gheall an t-infheisteoir príobháideach €850,000 don tionscadal. De bhreis air sin, aistríodh an dliteanas i leith na hiasachta €650,000 ó Choimisiún Forbartha an Iarthair do Solas go dtí an t-infheisteoir príobháideach in 2016. Tá an iasacht ag ráta seasta 1.45% go ceann 20 bliain. Dhearbhaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair go ndearnadh an iasacht théarmach a nuachan don infheisteoir príobháideach agus go bhfuil sí in-aisíoctha fós ar na téarmaí céanna.

**15.36** Faoi Lúnasa 2017, tá íocaíochtaí iomlána €3.14 milliún déanta ag an Roinn leis an tionscadal agus tá tiomantais fós aici de €0.35 milliún don tionscadal. Dúirt an Roinn go ndéantar na híocaíochtaí uile de bhun sonraisc ón gconraitheoir i ndáil le hobair a críochnaíodh agus cuirtear teastas ón iniúchóir leo ina ndeirtear gur críochnaíodh an obair i ndáiríre agus nach bhfuil na cistí lena n-íoctar as an obair á bhfáil ar ais ó aon chomhlacht poiblí eile.

### *Tuairimí an Oifigigh Cuntasaíochta*

**15.37** Dúirt an Roinn go ndearna sí iarracht i gcónaí a chinntiú gur cloíodh le téarmaí agus coinníollacha na scéime deontais faoinar bronnadh an maoiniú, agus le nósanna imeachta airgeadais phoiblí i gcoitinne. Dúradh gur bhain an caidreamh aici le Solas le deontas caipitiúil le haghaidh pictiúrlann sainealaíne a thógáil agus go ndearna sí iarracht a chinntiú ag gach céim go raibh dóthain cistí ar fáil chun an phictiúrlann a thabhairt chun críche lena húsáid ag an bpobal. Dúradh go raibh fianaise dhoiciméadach faighte aici do gach snáithe den mhaoiniú agus go raibh monatóireacht leanúnach á déanamh ar gach snáithe den mhaoiniú.

**15.38** Dúirt an Roinn go ndearna sí, nuair a tháinig an tionscadal ar dheacrachtaí móra airgeadais in 2010 agus 2011, gach rogha dá raibh a mheas, lena n-áirítear an tionscadal a fhoirceannadh. Rinneadh an cinneadh leanúint ar aghaidh a fhaomhadh go foirmiúil cé go ndearnadh dianmhachnamh air, lena n-áirítear anailís riosca maidir leis an gcur chuige ar dóichí a thabharfadh luach ar airgead don cháiníocóir. Ba é an príomhábhar imní ná an t-infheistiú a bhí déanta cheana ag an Stát a chosaint. Maidir le cistí a chur ar fáil, ba é measúnú riosca na Roinne dul ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt don tionscadal, nó deireadh a chur leis tar éis don fhorbróir an tionscadal a thréigean. Ba é an rogha bhí ann ná ligean don tionscadal teip, agus go bhfillfeadh an léas ansin ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe; nó oibritheoir a éascú le dul isteach i gcaibidlí le Solas chun teacht isteach mar bhainisteoir tionscadail, sealbhóir léasa agus oibritheoir. Ábhar machnaimh eile a bhí ann ná gur mhó seans a bheadh ann go n-aisíocfaí iasacht Choimisiún Forbartha an Iarthair dá n-éireodh leis an tionscadal agus gurbh ar éigean go raibh aon seans an t-airgead a fháil thar n-ais dá dtréigfí an tionscadal.

1 Chuir Solas in iúl don Roinn nach raibh sé in ann cistí €500,000 a bhailiú.

2 Ba choinníoll den infheistíocht phríobháideach, a gnóthaíodh i mí na Nollag 2013, go ndeonófaí ar an infheisteoir léas fadtéarmach an phictiúrlann a oibriú nuair a bheadh sé críochnaithe.

**15.39** Dúirt an Roinn go ndearna sí athbhreithniú ar gach rogha dá raibh ann arís in 2015 agus 2016 agus go ndearna sí cinneadh leanúint ar aghaidh leis an tionscadal.

## Conclúidí agus moltaí

**15.40** Bhain moilleanna suntasacha agus costais thar sprioc le tionscadal Phictiúrlann Sainealaíne na Gaillimhe ónar moladh é a chéaduair in 2006. Bhíothas ag súil ar dtús go gcuirfí tús leis an tionscadal in 2007 agus go mbeadh sé críochnaithe laistigh de dhá bhliain. Meastar anois go mbeidh sé críochnaithe in Eanáir 2018.

**15.41** Tá méadú 2.1 milliún tagtha ar an méid cistí poiblí a gealladh don tionscadal ón eisíoc tosaigh de €6.3 milliún a measadh. Bhí an tionscadal ag brath go mór ar infheistíocht phoiblí chun an fhorbairt a chríochnú agus costais mhéadaithe an tionscadail a mhaoiniú.

**15.42** Cé gur urraigh eintiteas príobháideach an tionscadal le cúnamh deontais ó chistí poiblí, ba ar an Stát a thit na rioscaí airgeadais a tháinig chun cinn nuair a bhuail deacrachtaí an tionscadal. Ghlac infheisteoir príobháideach bainistíocht, críochnú agus oibriú na pictiúrlainne ar láimh agus tá léas 30 bliain aige ar an réadmhaoin. Rinneadh bearta chun infheistíocht an Stáit a chosaint le Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag glacadh le freagracht as an tionscadal agus muirir a chlárú ar an réadmhaoin. Ón tús ní raibh aon socrú foriomlán maoirseachta i bhfeidhm don tionscadal seo in ainneoin rannpháirtíocht roinnt gníomhaireachtaí poiblí.

### Moladh 15.1

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar a cur chuige i leith na dtionscadal a mbíonn cúnamh deontais á thabhairt dóibh, go háirithe nuair a thiteann príomhualach na rioscaí ar an Stát. Nuair nach dtéann tionscadail ar aghaidh mar a raibh súil go rachadh nó nuair a aithnítear easnaimh leis an bpríomhurraitheoir, ba cheart gníomhú go luath, lena n-áirítear athbhreithnithe foirmiúla ar indéantacht an tionscadail, i gcomhréir le riachtanais *Cód Caiteachais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaithe. Tá an Roinn iomlán tiomanta do bhainistiú leanúnach tionscadal i gcomhréir leis an *Cód Caiteachais Phoiblí* agus leis na ciorcláin deontais ábhartha. Tá bearta i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn an oiliúint chuí ar an bhfoireann agus go bhfaigheann siad tacaíocht maidir le tionscadail a fhaigheann cúnamh deontais a mheas agus a mhaoirsiú mar chuid de phróiseas dearbhaithe cáilíochta bliantúil na Roinne. Tá sé i gceist ag an Roinn a thuilleadh seisiún oiliúna a chur ar siúl, in éineacht le hábhar treorach, roimh dheireadh 2017.

### Moladh 15.2

Ba cheart do príomh-mhaoinitheoirí cúram ar leith a dhéanamh de go ndéantar deimhin de go mbíonn sásanna maoirseachta foirmiúla leordhóthanacha i bhfeidhm agus á n-oibriú nuair a bhíonn gníomhaireachtaí éagsúla maoinithe páirteach.

#### Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaithe. Cinnteoidh an Roinn go mbeifear cúramach maidir le tionscadail a mhaoirsiú agus a mheas i gcomhréir le forálacha an *Chóid Caiteachais Phoiblí*. Cumhdóidh sé seo oiliúint bhreis foirne maidir le méadrachtaí feidhmíochta le húsáid mar chomhartha gníomhaithe le linn na céime feidhmiúcháin, an gá le tuarascálacha rialta ón mbainistíocht agus iadsan a athbhreithniú, agus déileáil le dúshláin tionscadail.

## Iarscríbhinn 15A Achoimriú ar imeachtaí

| | |
|---|---|
| **2006** | • Iarratas Solas ar mhaoiniú i Samhain 2006. |
| **2007** | • Rinne coiste roghnóireachta neamhspleách iarratas Solas a mheasúnú agus a cheadú. Thug an Roinn tairiscint deontais agus ghlac Solas léi i mBealtaine 2007. Sa tairiscint tugtar cuntas ar an socrú maoiniúcháin. |
| **2008** | • Fuair Solas cead pleanála don fhorbairt bheartaithe i mBealtaine 2008. |
| **2009** | • In Eanáir 2009, cheadaigh bord Solas líníochtaí ailtireachta do na dearaí tairisceana deiridh. Sna líníochtaí seo rinneadh foráil d'ilphictiúrlann 360 suíochán.<br>• Seoladh comórtas tairisceana le haghaidh tógálaí i mí Aibreáin 2009. Tar éis measúnú a bheith déanta ar na tairiscintí a fuarthas, shínigh Solas agus an tógálaí conradh i mí Iúil 2009.<br>• Thosaigh an tógáil i mí Dheireadh Fómhair 2009. De bharr fíor-drochaimsir áfach, cuireadh moill ar an tionscadal.<br>• Chothaigh oibreacha tochailte fadhbanna struchtúracha don fhoirgneamh tadhlach. Choimisiúnaigh Solas dara suirbhéireacht talún, a d'aithin dúshlánacha móra nár aithníodh sa chéad cheann. |
| **2010** | • Chinn Solas deireadh a chur leis an obair toisc an foirgneamh tadhlach a bheith baolach.<br>• I mí Dheireadh Fómhair 2010, chomhaontaigh na páirtithe uile an foirgneamh tadhlach leis a leagan agus a atógáil. |
| **2011** | • I Márta 2011, fuair an Roinn fógra ó Solas ag cur in iúl go raibh an conradh á fhoirceannadh ag an gconraitheoir tógála ag lua: drochstaid na talún, easnaimh sa dearadh agus na hoibreacha a bheith ar fionraí le linn dóibh bheith ar an láithreán.<br>• Fuarthas cead pleanála in Aibreán 2011 an foirgneamh tadhlach a leagan agus a atógáil. |
| **2012** | • I mí an Mhárta 2012 chuaigh Solas i mbun tairisceana eile an tionscadal a chríochnú. Rinneadh é sin gan é a chur in iúl don Roinn agus gan ceadú a fháil ón faoi mar is riachtanach.<br>• Go luath in 2012, tugadh comhairle dlí don Roinn nach raibh aon dliteanas ar an Roinn breis cistí a eisiúint do Solas le go leanfaidís den tionscadal.<br>• Ullmhaíodh an dara conradh ar dtús mar chéim amháin. Sular tosaíodh leis na hoibreacha go luath in 2012 áfach, chomhaontaigh Solas leis an tógálaí an obair a dheighilt ina dá chéim. Ba é an chéad chéim an creatlach a chríochnú agus ba é an dara céim an foirgneamh a fheistiú. |
| **2013** | • I Lúnasa 2013, cheap Solas grúpa comhairleach le dul i mbun próiseas comhairliúcháin chun teacht ar roghanna maoiniúcháin phríobháidigh a d'fhéadfadh a bheith ann.<br>• I mí na Nollag 2013, chuir bord Solas a plean gnó os comhair na Roinne agus d'aontaigh ina dhiaidh sin na príomhranna comhaontaithe le hinfheisteoir príobháideach. |
| **2014** | • Faoi thús 2014, bhí cuid mhaith de chéim a haon de na hoibreacha críochnaithe ach amháin roinnt oibreacha a fágadh ar lár chun céim a dó a éascú. Toisc nach raibh dóthain maoiniúcháin ar fáil áfach, níor leanadh ar aghaidh le céim a dó. |
| **2015** | • Scríobh Comhairle Cathrach na Gaillimhe go dtí an Roinn ag dearbhú go raibh an Chomhairle toilteanach an bhainistíocht tionscadail a ghlacadh ar láimh agus breis infheistithe a dhéanamh. Bhí sé sin faoi réir breis tacaíochta airgeadais ón Roinn áfach. In ainneoin na tairisceana sin ar mhaoiniú breise suntasach, níor tosaíodh arís ar an obair thógála in 2015, de bharr deacrachtaí leanúnacha idir Solas agus an dara tógálaí. |
| **2016** | • I gcaitheamh 2016, ghlac an t-infheisteoir príobháideach ról níos lárnaí. Faoin gcomhaontú nua, sannadh cearta agus dliteanais uile Solas ar an infheisteoir príobháideach. Ag an am céanna, chuaigh an t-infheisteoir príobháideach i dteagmháil leis an tógálaí maidir leis na constaicí éagsúla a bhain le céim a dó i.e. feistiú an fhoirgnimh.<br>• I mí Dheireadh Fómhair 2016, d'éirigh iniúchóirí Solas as de bharr amhras a bheith orthu maidir le rialachas corparáideach na cuideachta. |
| **2017** | • I mí Iúil 2017, chuaigh Solas faoi leachtú.<br>• Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an obair agus tá dáta críochnaithe ionchais Eanáir 2018 tugtha ag an Roinn. |

Foinse: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta